



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 26.1.2026
COM(2026) 37 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS
CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**Maidir le hoibriú na samhla seachadta nua ag na Ballstáit agus rannchuidiú phleananna
straitéiseacha CBT na mBallstát le gealltanais chomhshaoil agus aeráide an Aontais a
bhaint amach**

{SWD(2026) 19 final}

Ó tugadh isteach an comhbheartas talmhaíochta (CBT), tá forbairt mhór tagtha air, lena dtugtar aghaidh ar riachtanais atá ag teacht chun cinn agus a chuid módúlachtaí a choigeartú. **Leis an tsamhail nua seachadta do CBT 2023-2027, aistríodh an bhéim ó chomhlíonadh rialacha mionsonraithe an Aontais go beartas feidhmíocht bhunaithe atá bunaithe ar chuspóirí. Is é is aidhm dó torthaí follasacha a bhaint amach agus ar chuspóirí a bhaint amach, rud a thug níos mó solúbthachta do na Ballstáit agus cinneadh á dhéanamh acu maidir le mionsonraí an bheartais.**

Cuid lárnach den tsamhail sin is ea (i) uirlis phleanála aonair – plean straitéiseach CBT do gach Ballstát¹ – lena gcomhtháthaítear den chéad uair ionstraimí an dá chiste CBT i gcomhstraitéisí idirghabhála; (ii) rannpháirtíocht níos mó ó pháirtithe leasmhara; agus (iii) béim ar fheidhmíocht, agus creat feidhmíochta comhchoiteann agus próiseas maidir le hathbheithniú ar fheidhmíocht á bhunú. Tugadh an cur chuige sin isteach chun feabhas a chur ar chomhleanúnachas agus chun éifeachtacht idirghabhálacha CBT a mhéadú, agus aghaidh níos fearr á tabhairt an tráth céanna ar riachtanais náisiúnta shonracha agus éagsúla maidir le rannchuidiú le cuspóirí coiteanna CBT an Aontais a bhaint amach. Tá cur chuige nua i leith cinnteachta i gceist leis an tsamhail nua seachadta freisin ina ndírítear sna hiniúchtaí ar dhearadh agus ar fheidhmiú chórais rialachais na mBallstát seachas ar iniúchóireacht a dhéanamh ar thairbhíthe aonair.

Bhí an tsamhail seachadta sin faoi réir roinnt coigeartuithe agus simplíthe cheana féin bunaithe ar aiseolas ó pháirtithe leasmhara agus ar iarrataí ó na Ballstáit tar éis 2 bhliain de chur chun feidhme. Leis na léargais ó chur chun feidhme na samhla, treoraíodh an togra don tréimhse 2028-2034 amach anseo freisin.

Is freagairt í an tuarascáil seo ar an iarraidh ó na comhreachtóirí (Airteagal 141, pointe 3 de Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²) faisnéis a chur i láthair maidir le hoibriú na samhla nua seachadta agus an chéad mheasúnú ar rannchuidiú na n-idirghabhálacha atá beartaithe sna 28 bplean straitéiseacha CBT maidir le cuspóirí comhshaoil agus aeráide an Aontais a bhaint amach.

I. OIBRIÚ NA SAMHLA NUA SEACHADTA AG NA BALLSTÁIT

A. Ceapadh straitéiseach agus níos fianaise-bhunaithe ar phleananna CBT

Rinne an Coimisiún togra le haghaidh CBT athchóirithe in 2018 i gcomhréir le Creat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027. Tar éis na caibidlíochta idir comhreachtóirí an Aontais, níor glacadh rialacháin CBT go dtí 2021, agus beidh siad i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2023.

Chun cuidiú leis na Ballstáit a bpleananna CBT a ullmhú agus a cheapadh, sheol an Coimisiún idirphlé struchtúrtha in 2020, le malartuithe maidir le stádas na limistéar

¹ Seachas an Bheilg.

² Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 (IO L 435, 6.12.2021, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2115/oj>).

talmhaíochta agus tuaithe i ngach Ballstát, agus d'fhoilsigh sé moltaí sonracha i mí na Nollag 2020³.

Chun a n-idirghabhálacha a dhearadh, ceanglaíodh ar na Ballstáit measúnú críochnúil a dhéanamh ar riachtanais, bunaithe ar anailís ar láidreachtaí, laigí, deiseanna agus bagairtí (SWOT) a gcríche agus na hearnála agraibhia, agus loighic bheacht idirghabhála a fhorbairt. Bhí gá leis an measúnú a bheith uileghabhálach, trí mheasúnú a dhéanamh ar cé acu a thabharfaí nó nach dtabharfaí aghaidh ar riachtanais trí phleananna CBT nó trí uirlisí eile de chuid an Aontais nó trí uirlisí náisiúnta eile a mheastar a bheith níos oiriúnaí don chuspóir.

D'fhormheas an Coimisiún na pleananna sa dara leath de 2022 tar éis na bhfreagraí foirmiúla ar na litreacha breathnóireachta ón gCoimisiún mar fhreagairt ar gach plean a cuireadh isteach.

1- Rialachas nua

Mar thoradh ar phleanáil straitéiseach, tá atheagrú déanta agus tá modhanna oibre nua ann in údaráis riaracháin na mBallstát. Bhí gá le comhar níos fearr idir ranna a bhí i gceannas ar íocaíochtaí díreacha, ar fhorbairt tuaithe agus ar thacaíocht eárnála i bplean aonair lena gcumhdaítear na hidirghabhálacha uile, ach bhí gá freisin le comhordú níos fearr idir aireachtaí/ranna réigiúnacha agus náisiúnta. Bhí na Ballstáit a bhfuil cleachtais oibre chomhoibríocha láidre acu idir údaráis riaracháin, a bhfuil freagrachtaí soiléire orthu agus bealaí éifeachtúla malartaithe acu, in ann iad féin a chur in oiriúint níos tapa don tsamhail nua seachadta sin. Mar sin féin, bhí deacrachtaí ag roinnt Ballstát a raibh deighilt shonrach inniúlachtaí náisiúnta agus réigiúnacha acu.

Tá éagsúlacht mhór sa dinimic ar fud na mBallstát, ach tá rialachas níos fearr ar CBT mar thoradh ar an tsamhail nua seachadta agus tá forálacha dlíthiúla sainráite ann maidir le ról na comhpháirtíochta. Mar thoradh ar rannpháirtíocht riachtanach na bpáirtithe leasmhara maidir le dearadh agus cur chun feidhme na bpleananna, tá ailíniú níos fearr le riachtanais na Ballstáit ann. Mar sin féin, cé go rabhtas in ann ionchur réigiúnach/críochach a chur isteach sna pleananna, mheas roinnt réigiún gur lú an tionchar a bhí acu ar dhearadh na bpleananna agus bhí roinnt moilleanna maidir le hionchur orthu mar gheall ar chomhordú náisiúnta. D'aithin roinnt údarás bainistíochta agus páirtithe leasmhara fad na bpleananna (na mílte leathanach go minic) mar shaincheist freisin.

2- Dearadh bunaithe ar mheasúnú riachtanas agus ar roghanna pleanála éagsúla

Chun a bpleananna a dhearadh, bhain na Ballstáit úsáid as anailís ar láidreachtaí, laigí, deiseanna agus bagairtí, as comhairliúcháin chomhpháirtíochta, as moltaí an Choimisiúin agus as litreacha breathnóireachta. Chuir siad i dtábhacht, cé gur rinneadh an anailís agus sainathnóidh riachtanais faoi dhálaí maithe, gur laghdaigh glacadh déanach reachtaíocht an Aontais an t-am atá tiomnaithe do dhearadh agus pleanáil na n-idirghabhálacha a mhionchoigeartú agus do nuálaíocht a dhéanamh. Bhí sé ríthábhachtach réamh-mheas a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta ag an gcéim seo.

³ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún Moltaí do na Ballstáit a mhéid a bhaineann lena bplean straitéiseach don Chomhbheartas Talmhaíochta, COM/2020/846 final.

Baineadh úsáid as na pleananna den chuid is mó chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais shocheacnamaíocha, chomhshaoil agus aeráide. Le haghaidh na tréimhse 2023-2027, bhí 8 % de leithdháileadh CBT beartaithe le haghaidh forbairt tuaithe seachas an talmhaíocht. Maidir le fuinneamh in-athnuaite, nuálaíocht, digitiú, comhroinnt eolais maidir le bainistiú riosca agus, go pointe áirithe, bearta beartais tuaithe, bhí sé beartaithe ag roinnt Ballstát a gcuspóirí a bhaint amach chomh maith le cistiú eile ón Aontas nó cistiú náisiúnta eile, rud a éilíonn comhordú níos géire agus a léirigh go bhféadfadh tuilleadh sineirgí a bheith ann.

Is í an dea-phleanáil bunchloch samhla feidhmíocht bhunaithe, ach bhí sé deacair an dea-phleanáil a dhéanamh. Chun aschuir bhliantúla, aonadmhéideanna agus táscairí toraidh (spriocanna) a phleanáil do na blianta airgeadais 2023 go 2027, bhí gá le sonraí ábhartha, fianaise mhaith ó pháirtithe leasmhara agus ó bhaill foirne a bhfuil taithí acu. Ghlac na Ballstáit straitéisí éagsúla, le roinnt clársceidealaithe ar ardleibhéal gráinneach (e.g., roinnt aonadmhéideanna agus aschur socraithe ar leibhéal gach fo-idirghabhála), agus roghnaigh Ballstáit eile níos lú gráinneacht sonraí (e.g., ar leibhéal gach idirghabhála). Mar shampla, tá 1 913 idirghabháil agus 10 754 fho-idirghabháil beartaithe sna 28 bplean CBT. Is iad na cineálacha idirghabhála is éagsúlaithe idirghabhálacha comhshaoil agus aeráide (5 282 fho-idirghabháil) faoi fhorbairt tuaithe agus infheistíochtaí (2 172).

3- Bhí gá le cur chuige cuimsitheach chun measúnú a dhéanamh ar na pleananna

Measadh i measúnú an Choimisiúin an raibh na pleananna a cuireadh isteach comhsheasmhach le ceanglais reachtaíocht an Aontais agus ar rannchuidigh siad le 10 gcuspóir shonracha CBT a bhaint amach. Tugadh aird ar rannchuidiú na straitéise idirghabhála atá beartaithe chun cuspóirí a bhaineann leis an gcomhshaoil agus leis an aeráid a bhaint amach, lena n-áirítear spriocanna áirithe de chuid an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, agus ar a gcomhleanúnachas le reachtaíocht chomhshaoil agus aeráide an Aontais⁴ agus ar a rannchuidiú leis an reachtaíocht, gan aon chúlú i gcomparáid leis an tréimhse 2014-2022⁵.

Léirítear uailmhian CBT sna spriocanna a shocraítear ar leibhéal an táscaire toraidh atá le baint amach trí na hidirghabhálacha dá dtugtar tacaíocht. Léirítear í freisin i gceanglais mhionsonraithe agus i gcoinníollacha incháilitheachta na n-idirghabhálacha sin. Chun tacú leis an measúnú oibiachtúil ar na pleananna, ó thaobh an chomhshaoil agus na haeráide de, leis an mairís a d'fhorbair an tAirmheán Comhpháirteach Taighde cuireadh fianaise ar fáil maidir leis an nasc idir cleachtais agus cuspóirí feirmeoireachta⁶.

Ba phróiseas casta é an measúnú oibiachtúil ar leordhóthanacht na straitéise idirghabhála agus spriocleibhéil gach plean i bhfianaise na riachtanas agus na gcuspóirí náisiúnta arna sainaitheint ag an mBallstát, go háirithe mar gheall ar nithe seo a leanas (i) staideanna agus tosaíochtaí éagsúla sna Ballstáit; (ii) leibhéil éagsúla phleanála; (iii) naisc chasta idir idirghabhálacha agus spriocanna; (iv) spriocanna arna sloinneadh in aonad difriúil le cuspóirí (e.g. sciar an limistéir i gcomparáid le hathrú ar CO₂eq.); agus (v) reachtaíocht nó uirlisí náisiúnta seachas CBT a rannchuidíonn leis na cuspóirí céanna a bhaint amach.

⁴ Arna liostú in Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115.

⁵ Airteagal 105 de Rialachán (AE) 2021/2155.

⁶ Féach tagairtí 1, 2 agus 9 sa doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis. Is féidir teacht ar thagairtí, chomh maith le sonraí breise, sa doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis an tuarascáil seo.

B. Tá cur chun feidhme na bpleananna ar an mbóthar ceart

Glacadh reachtaíocht thánaisteach an Aontais i ndeireadh 2022, agus tar éis sin chuir na Ballstáit a gcreat náisiúnta cur chun feidhme CBT i gcrích (reachtaíocht, próisis iarratais, córais TF). Bhí ualach oibre suntasach ar na húdaráis riaracháin, go háirithe ós rud é go bhfuil cur chun feidhme chláir forbartha tuaithe 2014-2022 ag leanúint ar aghaidh an tráth céanna ar feadh 3 bliana eile (go dtí deireadh 2025). Sa chleachtas, mar thoradh air sin, tá saincheisteanna acmhainneachta ann agus tá brú ard ama ar fhorbairt uirlisí TF, ar ullmhú glaonna ar thionscadail agus, uaireanta, bíonn moilleanna ann agus déantar chumarsáid dhéanach le tairbhíthe, rud a dhéanann difear do ghlacadh agus do bhraistint feirmeoirí.

Sna tuarascálacha bliantúla ar fheidhmíocht, príomhuirlis tuairiscithe na samhla nua seachadta, tá dhá chuid ann: tá cuid cháilíochtúil amháin ann, ina gcuirtear i láthair an dul chun cinn atá déanta i bpleananna cur chun feidhme, agus tá cuid chainníochtúil ann, ina soláthraítear táscairí feidhmíochta agus údair le dialltaí ó luachanna garsprice na dtáscairí torthaí.

Mar gheall ar amlíne chur chun feidhme na n-idirghabhálacha, ba í an tuarascáil ar fheidhmíocht don bhliain airgeadais 2024 a cuireadh isteach i mí Feabhra 2025 an chéad tuarascáil ina raibh sonraí maidir leis na táscairí toraidh uile agus maidir leis an gcuid is mó de na hidirghabhálacha a bhí beartaithe. Faoin tsamhail nua seachadta, bheartaigh na Ballstáit aschuir agus torthaí bliantúla a bhaineann le tacaíocht ioncaim, forbairt tuaithe agus idirghabhálacha eanála den chéad uair.

1- Dea-phleanáil idirghabhálacha limistéarbhunaithe

Leis an gcomparáid idir pleanáil agus cur i gcrích, is féidir measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn i gcur chun feidhme na bpleananna agus ar na deacrachtaí a bhíonn ann.

- Is éard is tacaíocht bhunúsach ioncaim ann an idirghabháil lena mbaineann glacadh feirmeoirí atá is cosúla leis an bpleanáil ar leibhéal an Aontais (100 %) ach atá i ngach plean freisin.
- Comhfhreagraíonn glacadh na tacaíochta ioncaim athdháilte do 98 % de luach beartaithe an Aontais, agus roinnt éagsúlachtaí i measc pleananna.
- Mar sin féin, bhí sé níos deacra tacaíocht ioncaim chúpláilte agus an breisiú d'fheirmeoirí óga a phleanáil.
- Mar ionstraim a tugadh isteach le déanaí, rinneadh gannmheastachán go ginearálta ar ghlacadh éiciscéimeanna, toisc go gcumhdaíonn siad 10 % níos mó limistéir ná mar a bhí beartaithe ar leibhéal an Aontais, le héagsúlachtaí móra i measc pleananna.

Ar leibhéal an Aontais, maidir le glacadh na tacaíochta forbartha tuaithe limistéarbhunaithe, baineadh amach idir 87 % agus 91 % den limistéar atá beartaithe. Is iondúil go mbíonn tionscadail infheistíochta, tacaíochta suiteála, agus oiliúna nó comhair mall le tosú i mblianta tosaigh na clárthréimhse, go háirithe má bhíonn forluí idir idirghabhálacha nua agus bearta comhchosúla ón gclárthréimhse roimhe sin. Ar an iomlán, bhí an caiteachas sna réimsí sin níos ísle ná mar a bhíodhas ag súil leis, ach amháin i gcás infheistíochtaí neamhtháirgiúla ar an bhfeirm.

2- Deacrachtaí a bhaineann le haonadmhéideanna idirghabhála a phleanáil

Is féidir leis na Ballstáit an íocaíocht leis an tairbhí a choigeartú bunaithe ar ghlacadh idirghabhála (laistigh de raon), i bhfianaise na deacrachta a bhaineann leis an nglacadh a

réamh-mheas agus i bhfianaise an ghá atá le himchlúdaigh airgeadais a bhainistiú ar bhealach níos fearr. Níor íocadh ach leath de na héiciscéimeanna ag an méid tagartha aonaid ($\pm 10\%$). Tríd is tríd, tugadh luach saothair níos mó don tacaíocht chúpláilte ná mar a bhí beartaithe, le glacadh níos ísle ná mar a bhíodhas ag súil leis. Bhí sé deacair cabhair infheistíochta a mhionchoigeartú toisc nár íocadh ach 23 % de na fo-idirghabhálacha ag an meánmhéid tagartha ($\pm 10\%$). Tharla na neamhréireachtaí a breathnaíodh den chuid is mó mar gheall ar athruithe sa chomhthéacs eacnamaíoch agus geopholaitiúil ó ullmhaíodh pleananna nó míchruinneas sna meastacháin ar ghlacadh.

3- Deireadh a chur le himréiteach feidhmíochta

Ba é cuspóir an chleachtaidh imréitigh feidhmíochta bhliantúil a sheiceáil go raibh aschur comhfhreagrach ag an gcaiteachas dearbhaithe uile. Fíoraíodh é sin trí chomparáid a dhéanamh, i gcás gach idirghabhála, idir an t-aonadmhéid réadaithe arna ríomh bunaithe ar an tuarascáil bhliantúil ar fheidhmíocht agus an t-aonadmhéid (uas-aonadmhéid) beartaithe sa phlean. Tar éis 2 bhliain de chur chun feidhme, tháinig sé chun solais nach raibh ualach riaracháin an chleachtaidh imréitigh feidhmíochta bhliantúil, go háirithe an gá atá le húdar a thabhairt le gach diall aonadmhéid, comhréireach leis an dearbhú breise maidir le caiteachas CBT a soláthraíodh. Dá bhrí sin, moladh deireadh a chur leis i bpacáiste simpliúcháin CBT 2025⁷, gan difear a dhéanamh do chumas an Aontais maoirseacht agus dearbhú buiséadach éifeachtach a áirithiú.

4- Roinnt dialltaí ó gharspriocanna mar gheall ar thús an chur chun feidhme ach ní gá aon ghníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh fós

Bunaithe ar thuarascáil 2024 ar fheidhmíochta, rinne an Coimisiún an chéad athbhreithniú débhlíantúil ar fheidhmíocht⁸ in 2025, agus rogha de 22 tháscaire toraidh á cur san áireamh. **Léirigh gach tuarascáil feidhmíochta dialltaí os cionn 35 % le haghaidh táscaire toraidh amháin nó níos mó.** Bhí siad sin nasctha den chuid is mó le hidirghabhálacha forbartha tuaithe: eolas agus nuálaíocht, infheistíochtaí i nuachóiriú feirmeacha, eagrú níos fearr ar an slabhra soláthair agus talamh foraoisithe. Bhain réasúinithe na mBallstát go príomha le moilleanna ar bhunú an chreata nua agus ar úsáid na n-imchlúdach airgeadais atá fágtha de chláir forbartha tuaithe 2014-2022 lena maoinítear bearta comhchosúla. De réir na mBallstát, tabharfar aghaidh ar fhormhór na ndeacrachtaí sin sa mheántearma agus níor cheart tionchar a bheith acu ar na spriocanna deiridh.

Pléadh na dialltaí le gach Ballstát le linn a gcruinnithe athbhreithnithe bhliantúil aonair. Ós rud é gur chosúil gur leor na réasúinithe a cuireadh i láthair agus na gníomhaíochtaí feabhais atá beartaithe chun aghaidh a thabhairt orthu, níor iarr an Coimisiún aon phlean gníomhaíochta. Is féidir a bheith ag súil leis gur féidir na moilleanna, agus na bearnaí a eascraíonn astu idir na luachanna iarbhír agus na luachanna beartaithe, a aisghabháil sna

⁷ Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2115 a mhéid a bhaineann leis an gcóras coinníollachta, cineálacha idirghabhála i bhfoirm íocaíochta díri, cineálacha idirghabhála in earnálacha áirithe agus tuarascálacha forbartha tuaithe agus tuarascálacha feidhmíochta bliantúla agus Rialachán (AE) 2021/2116 a mhéid a bhaineann le rialachas sonraí agus idir-inoibritheachta, íocaíochtaí a chur ar fionraí agus imréiteach feidhmíochta bliantúil agus rialuithe agus pionóis, COM/2025/236 final.

⁸ Gach 2 bhliain fíoraíonn an Coimisiún go bhfuil na spriocluachanna atá beartaithe (garspriocanna) ag dul i dtreo luachanna beartaithe na dtáscairí toraidh. Ba cheart údar cuí a bheith le diall níos mó ná 35 % sa chéad bhliain, agus diall 25 % níos déanaí. D'fhéadfadh an Coimisiún gníomhaíochtaí ceartaitheacha a iarraidh mura bhfuil na réasúinithe a thugtar cinntitheach go leor.

blianta amach romhainn. Déanfar athbhreithniú arís ar an staid i dtuarascálacha 2025 ar fheidhmíocht.

5- Na himchlúdaigh airgeadais atá beartaithe a chur in oiriúint don ghlacadh iarbhr

Is féidir leis na Ballstáit méideanna nár caitheadh a ath-leithdháileadh ó idirghabháil amháin go hidirghabháil eile faoi choinníollacha áirithe. Sa bhliain airgeadais 2024, bhain siad úsáid as an bhféidearthacht sin go háirithe le haghaidh íocaíochtaí díreacha. Úrnuacht a bhí san éiciscéim, agus bhí deacrachtaí ag roinnt Ballstát na méideanna a bhí beartaithe acu a chaitheamh. Anuas air sin, is idirghabháil bhuiséadaithe imfhálaithe í an éiciscéim agus tá an corrlach chun méideanna a fhritháireamh in aghaidh na méideanna le haghaidh idirghabhálacha eile fós teoranta. Rinneadh athbhreithniú ar éiciscéimeanna nach raibh ag feidhmiú go maith nó rinneadh iad a fhógairt ar bhealach níos fearr do thairbhithe féideartha. Léiríonn staid reatha an chaiteachais le haghaidh 2025 staid atá feabhsaithe go mór agus ró-fhorghníomhú suntasach ann d'éiciscéimeanna. Bhí an íocaíocht athdháilte agus an comhlánú d'fheirmeoirí óga ina gceann scríbe le haghaidh cuid de na méideanna nár caitheadh. Cuireadh tacaíocht bhunúsach ioncaim i gcrích go maith i gcomparáid leis an gclárthréimhse roimhe sin.

6- Is doiciméid bheo iad pleananna CBT

Is gné riachtanach d'aon phróiseas clársceidealaithe iad leasuithe ar phleananna, toisc go gcuireann siad an tsolúbthacht is gá ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar dheacrachtaí a thagann chun cinn ar an láthair agus ar riachtanais atá ag teacht chun cinn.

Go dtí mí Mheán Fómhair 2025, d'iarr na Ballstáit 93 leasú. Leasaíodh na pleananna uile idir 2 uair agus 5 huaire óna bhformheas go dtí mí Mheán Fómhair 2025. Léiríonn athruithe imthosca eacnamaíocha atá ag athrú, an gá atá le hidirghabhálacha a dhéanamh níos tarraingtí, nó an gá atá le simpliú. Trí leasuithe a dhéanamh, athraíodh 34 % de na spriocanna, agus bhí éagsúlachtaí móra i measc pleananna. Maidir leis na spriocanna a méadaíodh go minic, bhain siad le cuspóirí sóisialta mar gheall ar an ngá atá lena n-ailíniú le straitéisí LEADER⁹ atá i gceist tar éis pleananna a fhorghníomhú. Ar an iomlán, aimsíodh cothromaíocht sna modhnuithe idir méaduithe ar spriocanna agus laghduithe ar spriocanna, lena n-áirítear le haghaidh spriocanna ailtireachta glaise. Ina mheasúnú ar na leasuithe, d'áirithigh an Coimisiún comhsheasmhacht, chomh maith le cothroime iomaíochta a choinneáil ar bun, agus dúshlán náisiúnta shonracha á gcur san áireamh an tráth céanna.

In 2025, bhí sé beartaithe ag an gCoimisiún an próiseas chun na pleananna a leasú a shimpliú a thuilleadh trí iarrataí foirmiúla ar leasú a theorannú d'athruithe straitéiseacha amháin, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí na pleananna a leasú níos tapa. Glacadh an togra dá ngairtear Omnibus 3¹⁰ agus beidh feidhm aige in 2026.

⁹ LEADER: Naisc idir gníomhaíochtaí nó gníomhaíochtaí chun an geilleagar tuaithe a fhorbairt

¹⁰ Rialachán (AE) 2025/2649 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Nollaig 2025 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2115 a mhéid a bhaineann leis an gcóras coinníollachta, cineálacha idirghabhála i bhfoirm íocaíochta díri, cineálacha idirghabhála in earnálacha áirithe agus tuarascálacha forbartha tuaithe agus tuarascálacha feidhmíochta bliantúla agus Rialachán (AE) 2021/2116 a mhéid a bhaineann le híocaíochtaí a chur ar fionraí agus imréiteach feidhmíochta bliantúil agus rialuithe agus pionóis (IO L 2025/2649, 31.12.2025, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2025/2649/oj>).

7- Samhail nua dearbhaithe agus prionsabal nua iniúcháireachta aonair

Faoin tsamhail nua seachadta, tá dearbhú bunaithe ar fheidhmiú cuí chórais rialachais na mBallstát. Áirithíonn na gníomhaireachtaí íocaíochta incháilitheacht caiteachais agus fíoraíonn na comhlachtaí deimhniúcháin go bliantúil í. Cuireann comhlachtaí deimhniúcháin tuairimí ar fáil maidir leis na cuntais bhliantúla, maidir le héifeachtacht na gcóras rialachais, agus maidir le hiontaofacht an tuairiscithe feidhmíochta. Déanann an Coimisiún iniúchtaí rioscabhunaithe go príomha ar a gcuid oibre agus, sa chás amháin nach bhfuil sé sásúil, ar na gníomhaireachtaí íocaíochta iad féin.

Is príomhghné den athchóiriú é prionsabal na hiniúcháireachta aonair a threisiú. Cé go méadaíonn sé éifeachtúlacht, go neartaíonn sé cuntasacht ar an leibhéal náisiúnta agus go seachnaíonn sé rialuithe forluiteacha, fágann sé freisin go bhfuil an leibhéal muiníne níos spleáiche ar obair thráthúil agus iontaofa na gcomhlachtaí deimhniúcháin. Coinníonn an Coimisiún teagmháil thráthrialta ar bun le gníomhaireachtaí íocaíochta agus le comhlachtaí deimhniúcháin chun comhthuiscint agus comhlíonadh comhsheasmhach na gceanglas dearbhaithe a áirithiú. Má bhraitheann an Coimisiún easnaimh thromchúiseacha sna córais rialachais, seoltar nósanna imeachta comhréireachta agus, má dheimhnítear na heasnaimh, bíonn ceartuithe airgeadais mar thoradh orthu.

Idir an 1 Eanáir 2024 agus an 30 Meán Fómhair 2025, rinne an Coimisiún 78 n-iniúchadh ar chórais rialachais ina n-iomláine nó ar idirghabhálacha CBT roghnaithe. I gcásanna áirithe, sainathnódh easnaimh thromchúiseacha fhéideartha, agus seoladh nósanna imeachta comhréireachta chun measúnú a dhéanamh ar rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann do bhuiséad an Aontais. Ós rud é go nglacann siad sin am, ní raibh aon nós imeachta comhréireachta tugtha chun críche faoi dheireadh mhí Mheán Fómhair 2025.

8- Cur chuige coisctheach nua leis an gcóras faireacháin limistéir

Faoin tsamhail nua seachadta, aistríodh an fhreagracht as rialuithe a dhearadh agus a chur chun feidhme sa chóras comhtháite riaracháin agus rialaithe chuig na Ballstáit den chuid is mó. Le tabhairt isteach an chórais faireacháin limistéir, cuirtear d'oibleagáid orthu faireachán a dhéanamh trí íomhánna satailíte ar chomhlíonadh na gcoinníollacha incháilitheachta ag feirmeoirí, nuair is féidir sin a dhéanamh go teicniúil. Tagann faireachán den sórt sin in ionad rialuithe ar an láthair, rud a mhaolaíonn go mór an t-ualach riaracháin. Le cur chuige coisctheach an chórais faireacháin limistéir, is féidir le feirmeoirí a n-iarratais CBT a cheartú gan pionós a ghearradh orthu. Sa bhliain éilimh 2023, rinneadh ceartúcháin ar 3,3 milliún heicteár (2 % den limistéar talmhaíochta a úsáidtear san Aontas, LTÚ) mar thoradh air sin, rud a chuidigh le pionóis a laghdú agus leis an ualach riaracháin ar fheirmeoirí agus ar údarais riaracháin a laghdú.

Mar sin féin, d'fhéadfadh na Ballstáit agus feirmeoirí leas níos mó fós a bhaint as úsáid an chórais faireacháin limistéir trí níos mó idirghabhálacha a dhéanamh agus coinníollacha incháilitheachta a bhféadfaí faireachán a dhéanamh orthu a chur ar fáil sna pleananna chun tacú leis an gcur chuige coisctheach sin.

C. Faireachán feidhmíochta cuimsitheach agus níos fearr

Leis an gcreat feidhmíochta, is féidir faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn sa chur chun feidhme agus réitítear an bealach do phróiseas feabhais leanúnaigh.

Comhtháthaíonn an creat tuairisciú ar íocaíochtaí díreacha, ar fhorbairt tuaithe agus ar idirghabhálacha earnála sa tacar céanna táscairí toraidh, de réir a gcuspóra. Bunaítear leis liosta uileghabhálach de tháscairí feidhmíochta. Tá gach idirghabháil nasctha le táscaire aschuir amháin agus le gach táscaire toraidh ábhartha¹¹, chun léiriú cuimsitheach ar ranníocaíochtaí CBT a áirithiú.

Tá próisis chuíchóirithe agus comhsheasmhacht mhéadaithe mar thoradh ar chomhtháthú tuairiscithe maidir le faireachán agus dearbhú beartais araon sa tuarascáil bhliantúil ar fheidhmíocht. Mar sin féin, tá rialacha ríomha níos casta (aschuir pháirteacha) agus comhbhailiúcháin dheacra (leathadh aonad tomhais) mar thoradh air freisin. Bhí deacracht ag na húdaráis bhainistíochta spriocdháta an 15 Feabhra don tuarascáil bhliantúil ar fheidhmíocht a chomhlíonadh agus na sonraí deimhnithe agus na réasúnuithe riachtanacha uile a chur ar fáil, agus cuireadh moill ar infhaighteacht sonraí chun críche faireacháin.

Tá na táscairí toraidh atá ann faoi láthair bunaithe den chuid is mó ar chumhdach gníomhaíochta toisc go bhfuil sé deacair torthaí díreacha beartais a thomhas. Mar sin féin, tá meastacháin gharbha forbartha ag an gCoimisiún maidir le maolú ar an athrú aeráide agus cion ábhair orgánaigh ithreach chun go mbeidh sé in ann táscairí toraidh a mholadh lena dtomhaistear torthaí le haghaidh 2028-2034.

Ní mór do na Ballstáit meastóireacht a dhéanamh ar rannchuidiú a bpleananna le baint amach na gcuspóirí uile le linn na clárthréimhse agus ní mór níos mó saoirse a bheith acu a bpleananna meastóireachta a dhearadh. Le tacaíocht ón gCoimisiún agus ó Líonra CBT an Aontais, tá pleananna meastóireachta uailmhianacha tarraingthe suas ag an gcuid is mó acu.

D. Iarracht mhór shimpliúcháin

Leis an taithí a fuarthas ar chur chun feidhme na bpleananna, cuireadh i dtábhacht an gá atá le coigeartuithe spriocdhírthe a dhéanamh ar ghnéithe áirithe de chreat CBT chun an t-ualach riaracháin ar fheirmeoirí agus ar údaráis riaracháin a laghdú. Chuige sin, cuireadh dhá phacáiste gníomhaíochtaí reachtacha agus gníomhaíochtaí neamhreachtacha i dtoll a chéile in 2024 agus 2025 chun solúbthacht, comhréireacht agus soiléireacht na rialacha a bhaineann le CBT a mhéadú (amhail na rialacha sin maidir le *force majeure*).

Ar thaobh amháin, déanann roinnt athruithe solúbthacht a mhéadú maidir leis an gcaoi a mbainistíonn feirmeoirí talamh faoi ionstraimí tacaíochta CBT agus ailíniú níos fearr a dhéanamh le réaltachtaí ar an bhfeirm (coigeartuithe ar rialacha coinníollachta). Ar an taobh eile, déanann roinnt athruithe cur chun feidhme phleananna CBT a chuíchóiriú d'údaráis náisiúnta (leasuithe, deireadh a chur le himréiteach feidhmíochta).

D'fhoilsigh an Coimisiún treochlár freisin maidir le tuilleadh gníomhaíochtaí simpliúcháin atá le déanamh le linn 2025, treochlár ina leagtar amach na gníomhaíochtaí, na huirlisí agus an amlíne tháscach atá beartaithe chun tuilleadh feabhsuithe a dhéanamh ar reachtaíocht thánaisteach CBT.

¹¹ Ní mór idirghabhálacha a nascadh le gach táscaire toraidh a bhfuil na hidirghabhálacha sin ina rannchuidiú leo go díreach agus go mór.

II. RANNCHUIDIÚ PLEANANNA STRAITÉISEACHA CBT LE GEALLTANAS AN AONTAIS A BHAINNEAN LEIS AN GCOMHSHAOL AGUS AN AERÁID A BHAINT AMACH

Maidir le cuspóirí CBT a bhaineann leis an gcomhshaol agus leis an aeráid, téitear i ngleic leis an athrú aeráide, cosnaítear acmhainní nádúrtha, agus cuirtear feabhas ar an mbithéagsúlacht. Le CBT 2023-2027, tugadh isteach meascán beartas d'idirghabhálacha, coinníollacht, agus buiséad imfhálaithe (ailtireacht ghlas CBT) chun na cuspóirí sin a bhaint amach. Dhréachtaigh na Ballstáit straitéisí comhshaoil chun rannchuidiú le gníomhartha reachtacha an Aontais maidir leis an gcomhshaol agus leis an aeráid, agus chun cuidiú le spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhaint amach, agus chun an oibleagáid¹² a chomhlíonadh rannchuidiú níos mó a dhéanamh ar an iomlán leis na cuspóirí sonracha sin a bhaint amach i gcomparáid leis an tréimhse 2014-2022.

Roghnaigh gach Ballstát a mheascán beartas féin chun a ailtireacht ghlas a dhearadh. Forlíontar na hidirghabhálacha limistéar-bhunaithe le tacaíocht d'infheistíochtaí glasa, do chomhar nó do thionscadail oiliúna. Leanann CBT reatha de thacaíocht a thabhairt do ghealltanais bhainistíochta agus d'infheistíocht bhainistíochta, a bhfuil cur amach ag feirmeoirí orthu agus atá curtha in oiriúint dá riachtanais. Maidir le dea-riochtaí talmhaíochta agus comhshaoil, tugadh isteach roinnt coigeartuithe in 2024 chun cur chun feidhme a oiriúnú do réaltacht na talmhaíochta: díolúintí spriocdhírithé, maoluithe sealadacha, agus an oibleagáid luach saothair a thabhairt maidir le limistéir neamhtháirgiúla a chothabháil agus a chruthú.

Rud atá nua in 2023, a bhuí le héiciscéimeanna, is féidir gníomhaíochtaí agra-chomhshaoil a mhéadú le buiséad mór tiomnaithe agus gealltanais bhliantúla. Dhírigh roinnt Ballstát ar go leor feirmeoirí a spreagadh chun bheith rannpháirteach in athrú beag de réir a chéile, ach athrú forleathan, ar chleachtais feirmeoireachta, agus dhear Ballstáit eile idirghabhálacha níos spriocdhírithé. Bhí ar na Ballstáit uile an chothromaíocht cheart a bhaint amach idir leibhéal na préimhe agus leibhéal na huaillmhéine chun tarraingteacht na scéime a áirithiú. I bhformhór na bpleananna, liostáil níos mó feirmeoirí don éiciscéim ná mar a bhíothas ag súil leis, agus i gcúpla plean eile bhí gá le hathruithe a dhéanamh chun idirghabhálacha a oiriúnú agus tacú lena nglacadh ag feirmeoirí. **Ar leibhéal an Aontais, fuair 47 % d'fheirmeoirí tacaíocht éiciscéime sa bhliain airgeadais 2024, le haghaidh 58 % de LTÚ.**

Tar éis 2 bhliain de chur chun feidhme, tá sé róluath fíorthionchair na n-idirghabhálacha ar bhaint amach na gcuspóirí a bhaineann leis an gcomhshaol agus leis an aeráid a thomhas i bpleananna CBT. I roinnt mhaith cásanna, ní féidir tionchair a thomhas ach tar éis roinnt blianta (e.g. athghiniúint na bithéagsúlachta, truailliú aeir agus uisce, sláinte ithreach, etc.) Mar sin féin, cuidíonn trí staidéar a rinneadh le déanaí le meastachán agus cainníochtú a dhéanamh maidir le rannchuidiú féideartha na n-idirghabhálacha atá beartaithe le baint amach na gcuspóirí sin. Rinneadh measúnú sna staidéir ar gach idirghabháil CBT bunaithe ar an méid seo a leanas (i) na cleachtais (nó na ceanglais) feirmeoireachta a dtacaítear leo, (ii) an cumhdach atá beartaithe, agus (iii) tionchar gach cleachtais feirmeoireachta ar an aeráid, ar an mbithéagsúlacht, ar aer glan agus ar shláinte ithreach.

¹² Airteagal 105 de Rialachán (AE) 2021/2115.

Léirítear sa staidéar ar ‘Rianú buiséid ar rannchuidiú CBT leis an athrú aeráide, leis an mbithéagsúlacht agus le gníomhaíocht aeir ghlain’¹³ go **rannchuidíonn 33 % de bhuiséad CBT go dearfach leis an aeráid, go rannchuidíonn 39 % leis an mbithéagsúlacht agus go rannchuidíonn 20 % le haer glan.** Ina theannta sin, léirítear sa staidéar go rannchuidíonn roinnt idirghabhálacha agus ní hamháin na hidirghabhálacha sin a bhaineann le hidirghabhálacha na haitireachta glaise. Cuirtear san áireamh sa chur chuige sin na sainmhínte ar idirghabhálacha agus spriocdhíriú na tacaíochta¹⁴, agus is é an toradh a bhíonn air rannchuidiú beagán níos ísle, ach inchomparáide, leis an aeráid ná mar a bhíonn nuair a úsáidtear marcóirí Rio¹⁵. Cruthaíonn sé sin ábharthacht mharcóirí Rio, is é sin, cur chuige simplithe a bhfuil gá leis ag céim na pleanála. Ní dhéanann na modheolaíochtaí rianaithe buiséid sin ach measúnú ar thionchair dhearfacha, ba cheart é sin a chur san áireamh agus na torthaí á léirmhíniú, rud ba cheart a chomhlánú le meastóireachtaí ex post.

D’fhéadfadh pleananna CBT rannchuidiú go mór le spriocanna 2030 maidir le maolú ar an athrú aeráide a bhaint amach. Léirítear sa staidéar ar ‘Meastachán garbh ar acmhainneacht na bpleananna maidir le maolú ar an athrú aeráide’¹⁶ go bhféadfadh na 28 bplean rannchuidiú go dearfach le laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus aistrithe feabhsaithe de 35 mhiliún tona de choibhéis CO₂ in aghaidh na bliana ar an meán le linn na tréimhse 2023-2027, arna dháileadh idir 5 mhiliún tona de laghdú astaíochtaí neamh-CO₂ agus 30 milliún tona d’aistrithe carbóin in aghaidh na bliana. Tá neamhchinnteachtaí ag baint leis an meastachán sin, go háirithe, braitheann a mhéid is féidir an ranníocaíocht dhearfach bhliantúil a charnadh go dtí 2027 go mór ar an mbreisíocht a bhaineann le glacadh iarbhair cleachtas ag feirmeoirí le linn na tréimhse.

Tá raon leathan **idirghabhálacha forbartha ag na Ballstáit chun feabhas a chur ar shláinte ithreach a rannchuidíonn le gach ceann de na trí chuspóir shonracha a bhaint amach.** Sa staidéar ‘Measúnú garbh ar acmhainneacht cosanta ithreach CBT’¹⁷, scrúdaítear na roghanna cur chun feidhme a bhaineann le 13 phlean lena léirítear éagsúlacht pheidichlíomach an Aontais ina sainaitheann cosaint ithreach mar thosaíocht. Déanann sé measúnú ar shé shaintréith ithreach. Mar shampla, meastar gurb é 0,92 % in aghaidh na bliana an méadú a d’fhéadfadh teacht ar chion an charbóin orgánaigh ithreach talmhaíochta le haghaidh idirghabhálacha CBT agus gurb é 0,14 % in aghaidh na bliana an méadú a d’fhéadfadh teacht ar cheanglais dea-riochtaí talmhaíochta agus comhshaoil. Is iad uainíocht agus éagsúlú barr is cúis leis an gcuid is mó den mhéadú a mheastar a d’fhéadfadh teacht ar an gcion ábhair orgánaigh san ithir. Is réamhthoradh é sin, atá fós ‘garbh’ mar gheall ar roinnt teorainneacha, go príomha an deacracht a bhaineann leis an gcomhthéacs áitiúil a chur san áireamh, agus ní chumhdaítear leis gach gné de shláinte ithreach (e.g. salannú, balcadh fo-ithreach...).

¹³ Féach tagairt 3 agus tábla 4 sa doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis.

¹⁴ An mhodheolaíocht rianaithe a chuirtear i bhfeidhm sa staidéar, tá sí i bhfad níos bunaithe ar an eolaíocht agus níos gráinní ná an mhodheolaíocht rianaithe aeráide atá ann faoi láthair agus, dá bhrí sin, tá coinne leis go mbeidh torthaí níos beaichte uirthi.

¹⁵ Is táscairí cáilíochtúla iad Rio Markers a d’fhorbair ECFE chun cabhrú le tíortha bronnacha agus le gníomhaireachtaí forbartha rianú a dhéanamh ar an méid a thacaíonn cabhair um fhorbairt le spriocanna comhshaoil faoi chuspóirí Choinbhinsiúin Rio, amhail bithéagsúlacht, fairsingiú fásaigh, agus athrú aeráide (maolú agus oiriúint).

¹⁶ Féach tagairt 4 sa doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis.

¹⁷ Féach tagairt 5 sa doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis.

Déantar meastachán sna staidéir thuasluaite ar ranníocaíochtaí CBT bunaithe ar na gníomhaíochtaí atá beartaithe, mar sin ní féidir leo réamhbhreith a dhéanamh ar na torthaí deiridh. Mar sin féin, léirítear i gcur chun feidhme na bpleananna gur **sáraíodh formhór na ngarspriocanna bliantúla a bhaineann leis an gcomhshaol agus leis an aeráid ar an meán san Aontas in 2024**¹⁸. Go háirithe, le hidirghabhálacha chun feabhas a chur ar an ithir agus í a chosaint, cumhdaítear 51 % de limistéar talmhaíochta a úsáidtear an Aontais agus le gníomhaíochtaí chun feabhas a chur ar stóráil carbóin san ithir agus feabhas a chur ar an mbithmhais, cumhdaítear 35 % de limistéar talmhaíochta a úsáidtear, agus is dea-chomhartha é sin don am atá le teacht.

Maidir le spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, is féidir roinnt treochtaí dearfacha a thabhairt faoi deara fiú má tá sé róluath measúnú a dhéanamh ar rannchuidiú CBT.

In 2023, **saothraíodh 11 % den limistéar talmhaíochta a úsáidtear go horgánach**, agus fuair 6 % den limistéar talmhaíochta sin tacaíocht orgánach shonrach limistéar-bhunaithe. Mar sin féin, dúirt roinnt Ballstát go raibh deacrachtaí acu a sprioc maidir le talamh a shaothraítear go horgánach a bhaint amach mar gheall ar éileamh níos ísle ar tháirgí orgánacha ná mar a bhíodhas ag súil leis agus mar gheall ar chostais mhéadaitheacha. Bheartaigh siad gníomhaíochtaí feabhais a dhéanamh, ach ní féidir an sprioc 25 % de thalamh feirme a bheith orgánach a bhaint amach ach amháin má bhíonn méadú mór ann ar thaobh an éilimh ar tháirgí orgánacha freisin.

Tá sprioc an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip maidir le laghdú 50 % a dhéanamh ar **caillteanais chothaitheacha**, agus aon mheath ar thorthúlacht na hithreach á áirithiú an tráth céanna, nasctha le laghdú 20 % ar a laghad ar úsáid leasachán faoi 2030 i gcomparáid leis an meán 2012-2014. Tacaíonn beagnach gach plan le leasú níos cothroime agus le cleachtais níos fearr, mar shampla trí thoirmeasc a chur ar leasacháin neamhorgánacha nó trí leasacháin orgánacha, talmhaíocht bheacht agus cleachtais eile a chur ina n-ionad, chun caillteanais chothaitheacha aeir agus uisce a theorannú. Cuireadh cleachtais maidir le bainistiú cothaitheach inbhuanaithe chun feidhme ar 14 % de limistéar talmhaíochta a úsáidtear an Aontais sa bhliain airgeadais 2024. Ar an meán idir 2021 agus 2023, d'úsáid feirmeoirí ar fud an Aontais 8,9 milliún tona de leasacháin nítrigine, 9 % níos lú ná mar a úsáideadh idir 2012 agus 2014 (tréimhse thagartha). Ós rud é gurb é costas ard na leasachán neamhorgánach nítrigine is cúis i bpáirt leis an laghdú a tháinig le déanaí, i ndiaidh an chogaidh atá ag dul ar aghaidh i gcónaí san Úcráin, tá sé róluath measúnú a dhéanamh ar a thionchar ó thaobh an sprioc uailmhianach sin a bhaint amach.

Is é sprioc an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip maidir le **frithmhiocróbáin** laghdú 50 % ar dhíolacháin ainmhithe feirmshaothraithe agus dobharshaothraithe a bhaint amach faoi 2030, i gcomparáid le leibhéal 2018. D'fhógair an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA) laghdú 25 % ar dhíolacháin fhoriomlána frithmhiocróbán lena n-úsáid i mbia-ainmhithe san Aontas idir 2018 agus 2023¹⁹, rud a fhágann go bhfuil an tAontas níos gaire do sprioc laghdaithe 2030 a bhaint amach.

Rinneadh cuid mhór chun úsáid **lotnaidicídí** a dhéanamh níos inbhuanaithe agus chun a n-úsáid a laghdú, agus le cleachtais ábhartha cumhdaítear 29 % de limistéar talmhaíochta a úsáidtear an Aontais sa bhliain airgeadais 2024, go príomha trí ghealltanais agra-

¹⁸ Féach tagairt 8 sa doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis.

¹⁹ Féach tagairt 6 sa doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis.

chomhshaoil-aeráide agus trí thacaíocht don fheirmeoireacht orgánach. Tá ról tábhachtach ag uainíocht na mbarr agus stiallacha maoláin maidir le húsáid lotnaidicídí a laghdú. Mar sin féin, tá sé róluath a mheas a mhéid a rannchuidíonn idirghabhálacha CBT le spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhaint amach (laghdú 50 % ar úsáid fhoriomlán lotnaidicídí ceimiceacha agus ar an riosca a bhaineann leo, agus ar úsáid na lotnaidicídí is guaisí i gcomparáid le 2015-2017).

Ar leibhéal an Aontais, chumhdaigh **gnéithe tírdhreacha** 5,6 % den talamh talmhaíochta in 2022²⁰ agus 3,6 % den talamh branair in 2020, mar sin rannchuideoidh an dá cheann leis an sprioc a bhaint amach, is é sin 10 % den limistéar talmhaíochta mar ghnéithe tírdhreacha ardéagsúlachta. Tá na hidirghabhálacha a thacaíonn le gnéithe tírdhreacha i bpleananna CBT níos leithne go ginearálta agus is é is aidhm dóibh feabhas a chur ar an mbithéagsúlacht, gnáthóga agus speicis trí éagsúlacht struchtúrach níos mó. Baineadh an gharsprioc bhliantúil ábhartha amach i bhformhór na bpleananna, agus cumhdaíodh 1,5 % de limistéar talmhaíochta a úsáidtear an Aontais le tacaíocht chun gnéithe tírdhreacha a bhainistiú sa bhliain airgeadais 2024. Ó 2025, mar gheall ar na costais ar fheirmeoirí a bhaineann lena comhlíonadh, cuireadh an oibleagáid ar na Ballstáit éiciscéim choibhéiseach a mholadh lena dtacaítear le gnéithe tírdhreacha nua a choinneáil ar bun agus a bhunú in ionad na hoibleagáide sciar íosta de limistéar arúil a choinneáil le haghaidh gnéithe tírdhreacha agus talamh branair faoi Dhea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil 8.

CONCLUÍD

Baineann úrnuacht na samhla nua seachadta lena hionstraimí comhtháthaithe ar bhealach níos straitéisí, leis an tsolúbthacht níos mó a thugann sí do na Ballstáit dearadh na n-idirghabhálacha a chur in oiriúint dá riachtanais. Ba dhíol sásaimh do na Ballstáit agus do na tairbhíthe clársceidealú straitéiseach bunaithe ar mheasúnú ar riachtanais agus bhí tionchar dearfach ag an tsamhail nua seachadta ar rialachas CBT (comhpháirtíocht, úsáid fianaise). Le tabhairt isteach an chórais faireacháin limistéir, cuirtear deiseanna ar fáil freisin chun an t-ualach riaracháin ar fheirmeoirí agus ar údaráis riaracháin a laghdú.

Mar sin féin, mar gheall ar ghlacadh déanach chreat dlíthiúil an Aontais, bhí cúrsaí níos casta do na Ballstáit, agus chuir siad in iúl a thábhachtaí atá sé faisnéis a fháil in am chun cur chuige comhtháite comhordaithe i leith bosca uirlisí CBT a chumasú agus rórialáil a sheachaint. Níor úsáideadh na solúbthachtaí uile, lena n-áirítear do na Ballstáit chun rialacha a shimpliú, chun an riosca maidir le ceartuithe airgeadais a sheachaint.

Tugadh aghaidh freisin ar chastachtaí nach bhfuil gá leo in dhá thogra simpliúcháin a chuir an Coimisiún síos i mí an Mhárta 2024 agus i mí na Bealtaine 2025, lena ndéantar foráil go háirithe maidir le (i) cur in ionad na hoibleagáide sciar íosta de limistéar arúil a choinneáil le haghaidh gnéithe tírdhreacha agus talamh branair le héiciscéim choibhéiseach dheonach d'fheirmeoirí agus (ii) deireadh a chur leis an gcleachtadh imréitigh feidhmíochta bhliantúil.

Is léir ón taithí a fuarthas gur éirigh leis na Ballstáit na pleananna a cheartú nó a oiriúnú trí bhíthin leasuithe. Chun tuilleadh leasuithe a éascú tugadh isteach nós imeachta um fhógra

²⁰ Féach tagairt 7 sa doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis.

a thabhairt le haghaidh leasuithe neamhstraitéiseacha. Ní mór cothromaíocht iomchuí a bhaint amach idir pleanáil agus tuairisciú a shimpliú agus an leibhéal faisnéise is gá chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh dhlí an Aontais agus ar rannchuidiú na bpleananna le cuspóirí sonracha CBT, agus idir inoiriúnaitheacht na bpleananna agus díriú ar fheidhmíocht le linn na clárthréimhse agus cinnteacht a thabhairt d'fheirmeoirí.

Tar éis an chéad athbhreithnithe dhébhlíantúil ar fheidhmíocht, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh cur chun feidhme na bpleananna ar an mbóthar ceart, agus go raibh dialltaí fós laistigh de na teorainneacha a leagtar síos le hAirteagal 135 de Rialachán (AE) 2021/2115. Ní éilítear le haon cheann de na pleananna gníomhaíochtaí ceartaitheacha.

Deimhnítear san anailís go bhfuil sé d'acmhainn ag na pleananna rannchuidiú le cuspóirí CBT a bhaineann leis an gcomhshaol agus leis an aeráid a bhaint amach. Léirítear i gcur chun feidhme pleananna CBT gur sáraíodh, ar an meán san Aontas, an chuid is mó de na garspriocanna táscairí toraidh bliantúla a bhaineann leis an gcomhshaol agus leis an aeráid in 2024. Mar sin féin, chun cainníochtú a dhéanamh ar rannchuidiú pleananna CBT le cuspóirí comhshaoil agus aeráide a bhaint amach tá gá le tréimhse mheasúnaithe níos faide agus le breithniú a dhéanamh ar thionchar tosca ábhartha eile.

Cuireadh an méid uile thuas san áireamh agus na tograí le haghaidh an chreata airgeadais ilbhliantúil agus CBT 2028-2034 á n-ullmhú.